Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE
INFHEISTIÚ I NDAOINE

Ábhar:

BEARTÚ SPRIOCANNA AGUS PLEANÁIL FORBARTHA SCOIL

Imlitir:
2008/13

Dáta Eisithe:
Lúnasa 2008

Lucht Léitheoireachta:

- Príomhoidí agus Boird Ghobhanóirí na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna deontas-mhaoinithe ar fad;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- An Chomhairle um Churaclam, Scrúduithe agus Measúnú (CCEA)

Achoimre ar an Ábhar:

Tugann an Imlitir seo comhthéacs ginearálta do phleánáil forbartha scoile, agus cuireann sí eolas tagarmharcála ar fáil do bheartú spriocanna.

Fiosruithe:

Ba chóir aon fhiosrúchán a bhaineann le hábhar na hImlitreach seo a sheoladh chuig:

An tUasal Chris Hutchinson
Brainse Feabhsúcháin Scoile
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR BT19 7PR

Feasacht Gobharnóra:
Riachtanach

Stádas na nÁbhar:
Comhairle
Eolas do scoileanna

Cáipéisí Gaolmhara:
Imlitreacha na Roinne Oideachais 1998/5 (bunscoil), "Target-Setting and Benchmarking"
Pacáiste Feabhsúcháin Scoile "Target Setting: Guidance for Primary Schools"

Cáipéisí Cealaithe:
2007/16

Dáta Éagtha:
Ní bhaineann le hábhar

Suíomh Gréasáin DENI:
http://www.deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9927
Facs: 028 9127 9100

Cóipeanna breise:
Guthán: 028 9127 9927

Réamhrá

1. Tá an Roinn ag meas na bhfreagraí a cuireadh faoinár mbráid maidir leis na moltaí do bheartas nua um feabhsúchán scoile, mar a leagtar amach in "Gach Scoil ina Scoil Mhaith". Tá na cinntí deiridh le socrú fós, ach tá an Roinn sásta gur chóir leanúint leis an mbéim ar fhéinmheasúnú, pleanáil forbartha scoile agus beartú spriocanna. Glacadh, áfach, go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le rialúcháin phleanáil forbartha scoile, chun an córas a dhéanamh níos inláimhsithe, do scoileanna beaga go háirithe. Beidh sé riachtanach fós cóip den Phlean a chur faoi bhráid an bhoird áitiúil oideachais agus leabharlainne. Tosóidh an t-athbhreithniú ar phleanáil forbartha scoile mí Mheán Fómhair seo chugainn agus mairfidh sé cúpla mí. Ba chóir do scoileanna cloí leis na riachtanais reatha dlí idir an dá linn.

2. Bhraith an Roinn go gcabhródh sé le scoileanna dá leathnófaí scóip na himlitreach bliantúla a thugann eolas tagarmharcála chun beartú spriocanna a threorú. Thabharfadh sé seo eolas do scoileanna faoin gcomhthéacs ginearálta a gcaithfear machnamh a dhéanamh air nuair atá an Plean Forbartha Scoile á athmheas.

Feidhmíocht Reatha

3. Is é an fheidhmíocht sna scrúduithe GCSE (nó a gcomhionann) a úsáidtear mar phríomhthomhais ar ghnóthachtáil na scoile. Tugann na staitisticí seo a leanas a bhaineann le 2006/07 léargas ginearálta ar an bhfeidhmíocht:-

   - Fágann beagnach dhá thrian de na daltaí an scoil le Grád A*-C i 5 GCSE, nó níos mó, nó lena gcomhionann (64.5%);
   - Níl an céatadán a ghnóthaíonn 5 GCSE (A*-C) nó níos mó, le Béarla agus matamaitic san áireamh, ach ag beagán le cois leath na ndaltaí áfach (52%);
   - I gcás GCSE an Bhéarla amháin (agus a chomhionann), gnóthaíonn 63% de na daltaí Grád C nó níos fearr, agus gnóthaíonn 90% Grád G nó níos fearr. Ciallaíonn an ráta deireanach sin go dteipeann ar 2,500 dalta cumas feidhmiúil a bhaint amach i mBéarla;

- Tá an cás mórán mar an gcéanna i matamaitic. Gnóthaíonn 59% de na daltaí Grád C nó níos fearr, agus 89% Grád G nó níos fearr.
- Má bhreathnaítear ar Bhéarla agus matamaitic le chéile, gnóthaíonn 54% de na daltaí Grád A*-C sa dá ábhar, agus 87% Grád G nó níos fearr sa dá ábhar.
- Tá feabhas ag teacht ar na staitisticí seo diaidh ar ndiaidh le deich mbliana anuas, ach is é an fhírinne ghlan go bhfuil ag teipeadh ar 12,000 daltaí caighdeán maith GCSE (nó a chomhionann) a bhaint amach i mBéarla agus i Matamaitic. Teipeann ar bheagnach 3,500 dalta bunlitearthacht agus bunuimhireacht a bhaint amach.

4. Tá earnáil na hiar-bhunscoile ag brath ar bhunscoileanna, ar ndóigh: is sa bhunscoil a leagtar bunús na foghlama agus a dhaingítear litearthacht agus uimhearthacht bhunúsach. Beidh socruithe nua measúnaithe á dtabhairt isteach diaidh ar ndiaidh sna blianta atá amach romhainn. Idir an dá linn caithfidh bunscoileanna measúnuithe múinteora ar chaighdeán a chur ar fáil, agus na leibhéil chéanna a luaitear sna Measúnuithe Príomhchéime in úsáid acu. Fágann páiste amháin as cúigear an bhunscoil le caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta atá faoin gcaighdeán a bhfuiltear ag súil leis.

5. Is don chóras iomlán na staitisticí seo, agus tá réimse forleathan feidhmíochta i measc na scoileanna éagsúla. Bainfidh níos lú ná 10% de na daltaí grád A*-C amach i mBéarla nó i matamaitic i roinnt scoileanna iar-bhunscoile, agus beidh níos lú ná 20% de na daltaí ag an leibhéal ionchais i bPríomhchéim 2 i roinnt bunscoileanna. Cé gur toscaí lasmuigh den scoil, míbhuntáiste sóisialta go háirithe, is cúis le heaspa feidhmíochta i roinnt cásanna, is léir go bhfuil an-éagsúlacht idir fheidhmíocht scoileanna áirithe a bhfuil na saintréithe céanna acu.

Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí

6. Mar atá le déanamh ag gach Roinn eile, tá sé de dhualgas ar an Roinn Oideachais spriocanna a bheartú mar chuid den socrú airgeadais don tréimhse as seo go dtí an bhliain 2011. Tá achoimhre ar na spriocanna seo ar fáil in

Iarscríbhinn 1. Is fiú a lua gur meánfheidhmíocht an chórais atá i gceist sna spriocanna seo, agus go gcaithfidh gach scoil a cuid féin a dhéanamh chun an fheidhmíocht a fheabhsú ó bhliain go bliain. Leagtar an bhéim ar fheidhmíocht iomlán an chórais a fheabhsú, agus na bearnaí idir fheidhmíocht scoileanna éagsúla a laghdú.

Úsáid Éifeachtach Sonraí

7. Cuireadh tús le hobair a fheabhsóidh an fháil ar shonraí laistigh den chóras, agus a chumfaidh cur chuige a chinneadh breisluach. Táthar ag súil go gcuirfear deireadh leis an obair seo sna míonna atá amach romhainn, agus go mbeidh fáil ag scoileanna ar fhaisnéis fheabhsaithe faoi fheidhmíocht dá bharr. Moltar do scoileanna an t-eolas atá san imlitir seo, eolas i bhfeasacháin staitistice na Roinne, agus eolas atá ag an scoil cheana féin a úsáid idir an dá linn chun treochtaí a mheas agus tosaíochtaí gníomhaíochta a aithint.

8. Dúirt an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna go bhféadfadh bearna feidhmíochta a bheith laistigh den scoil féin, agus moltar do scoileanna anailís a dhéanamh ar na sonraí atá le fáil maidir le na ranganna, agus le na grúpaí bliana.

Beartú Spriocanna

9. Tá dualgas reachtaíochta ar scoileanna a spriocanna feabhsúcháin féin a bheartú, agus iad a leagan amach sa Phlean Forbartha Scoile. Caithfidh spriocanna a bhaineann le litearthacht agus uimhearthacht a bheith san áireamh anseo.

10. Agus leibhéal na spriocanna atá le beartú á mheas, beidh réimse leathan cúinsí le cur san áireamh ag scoileanna. Ina measc siúd tá treochtaí feidhmíochta sa scoil le blianta beaga anuas, na torthaí a ghnóthaigh grúpaí bliana áirithe roimhe seo, an comhthéacs a bhfuil an scoil ag obair inti, na tosaíochtaí atá sa Phlean Forbartha Scoile, agus an méid atá dúshlánach ach indéanta mar sin féin sa scoil. Tugtar eolas tagarmharcála in Iarscríbhinn 2. Cabhróidh sé seo le scoileanna comparáid a dhéanamh idir a bhfeidhmíocht féin, agus feidhmíochta na scoileanna eile a bhfuil a bpróifíl shocheacnamaíoch cosúil leo.

11. Chuir Imlitreacha 2007/10 agus 2006/26 na Roinne Oideachais comhairle ar scoileanna maidir le socruithe idirthréimhseacha a bhaineann le riachtanais measúnaithe agus tuairisce. Moltar do scoileanna leanúint leo ag cur eolais faoi bhráid an CCEA faoi thorthaí a measúnuithe i dTeanga & Litearthachta agus i Matamaitic & Uimheartheacht. Ba chóir na tuairiscíní ar leibhéal atá ann faoi láthair do dheireadh na bpríomhchéimeanna a úsáid. Níor mhór do scoileanna leanúint orthu ag úsáid na dtuairiscíní ar leibhéal seo nuair atá a gcuid spriocanna á mbeartú le linn na hidirthréimhse seo.

12. Cuireadh na sonraí atá sa cháipéis iniata le chéile i mbealach a chabhróidh le scoileanna comhthéacs a fheiceáil maidir lena bhfeidhmíocht féin agus comparáid a dhéanamh idir a bhfeidhmíocht féin agus feidhmíocht na scoileanna eile le líon comhchosúil daltaí atá i dteideal béilí saor in aisce.

13. Tá cóip den imlitir le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais http://www.deni.gov.uk Ba chóir aon cheist faoi shonraí 2006/07, nó faoin bhrí a mbaintear astu, a sheoladh chuig **an Uasal Patricia Wyers** nó **an tUasal Gavin King**, **An Brainse Staitisticí agus Taighde**, ag an seoladh thíos. Is féidir glaoch gutháin a chur orthu ar 028 9127 9252 nó 028 9127 9259.

14. Ba chóir ceisteanna faoi aon ghné eile den Imlitir seo a sheoladh chuig **an Uasal Chris Hutchinson**, **Brainse Feabhsúcháin Scoile**, nó glaoch air ar 028 9127 9927.



John Caldwell
Brainse Feabhsúcháin Scoile

Iarscríbhinn 1

SPRIOCANNA CHOMHAONTÚ NA SEIRBHÍSE POIBLÍ (PSA)

1. **Faoin mbliain 2011, go mbeidh 90% den lucht fágála scoile ag gnóthú grád A*-G i scrúdú GCSE (nó a chomhionann) i mBéarla agus i Matamaitic.** [PSA 19] (Bonnlíne: Suirbhé ar Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 85%)

2. **Faoin mbliain 2011, go mbeidh 68% de na daltaí ag gnóthú grád A*-C i 5+ GCSE faoin am a fhágann siad an scoil.** [PSA 19] (Bonnlíne: Suirbhé ar Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 64.2%)

3. **Faoin mbliain 2011, go mbeidh 55% de na daltaí ag gnóthú grád A*-C i 5+ GCSE, Béarla agus Matamaitic san áireamh, faoin am a fhágann siad an scoil.** [PSA 19] (Bonnlíne: Suirbhé ar Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 52.6%)

4. **Faoin mbliain 2011, go mbeidh 30% de dhaltaí atá i dteideal Béilí Scoile Saor in Aisce ag gnóthú grád A*-C i 5+ GCSE, Béarla agus Matamaitic san áireamh, faoin am a fhágann siad an scoil.** [PSA 19] (Bonnlíne: 2005-06 = 26.4%)

5. **Faoin mbliain 2011, nach mbeidh níos mó ná 1.5% de dhaltaí bhliain 12 gan cáilíocht GCSE A*-G nó a chomhionann.** [PSA 10 agus 19] (Bonnlíne: Achoimhre ar Thorthaí Scrúduithe 2005-06 = 3%)

6. **Faoin mbliain 2011, go mbeidh 65% de dhaltaí A Leibhéil ag gnóthú Grád A-C i 3+ A Leibhéal nó a chomhionann i mBliain 14.** [PSA 19] (Bonnlíne: Achoimhre ar Thorthaí Scrúduithe 2005-06 = 63.5%)

7. **Faoin mbliain 2011, ráta rannpháirtíochta na ndaoine atá 16-17 mbliana d'aois in oideachas nó oiliúint lán-aimseartha a mhéadú go 95%.** (Bonnlíne: Suirbhé ar Lucht Fágála Scoile 2006-07= 92%)